FUAIM & FÍS – SCÉIM MAOINITHE CRAOLACHÁIN POLASAÍ AR MHAOINIÚ SCÉIMEANNA SPEISIALTA

Réamhrá

Leis an scéim Craolacháin (Maoiniú) tugtar tacaíocht do chláir nua teilifíse nó raidió a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann, litearthacht d'aosaigh agus cláir den sórt sin trí Ghaeilge.

Ceadaíonn alt 4.2 den scéim freisin (lch 7) soláthar maoiniú do scéimeanna speisialta mar seo a leanas:

> 'Féadfaidh an CCÉ, dá lánrogha féin, maoiniú a leithdháileadh i ndáil le leagan amach na gclár bunaithe ar scéimeanna speisialta faoi aon cheann de na réimsí téamúla a léirítear thuas. […] Is é cuspóir na scéimeanna forbairt clár ar théamaí éagsúla nó mór-chomórthaí nó mórimeachtaí ag a bhfuil tábhacht stairiúil nó cultúrtha ar leith a spreagadh. Ní mór do chláir mar sin teacht laistigh de raon na gclár a leagtar síos san Acht'

Cuireann an doiciméad seo creat oibre polasaí i láthair a chuirfidh ar chumas *Fuaim & Fís* scéimeanna speisialta a fhorbairt agus cláir bhreise a mhaoiniú mar chuid dá shainchúram agus lasmuigh de bhabhtaí rialta.

1. **Sainchúram na scéime *Fuaim & Fís***

   Tá *Fís & Fuaim* bunaithe ar thrí phríomhdhoiciméad: an tAcht Craolacháin (Maoiniú), 2003 (an tAcht as seo síos), an scéim a scríobhadh i 2004 agus a cheadaigh an Coimisiún, an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus an Coimisiún Eorpach i 2005 agus cinneadh an AE ar chomhlíonadh na scéime le rialacháin Chúnamh Stáit na hEorpa, a foilsíodh sa bhliain 2005 freisin.

Cuireann an tAcht de dhualgas ar an gCoimisiún cláir d'ardcháilíocht le téamaí a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann, litearthacht d'aosaigh agus cláir den sórt sin trí Ghaeilge a mhaoiniú. San Acht, éilítear freisin gur chóir go gcuirfeadh na cláir sin le roghanna féachana agus éisteachta lucht féachana nó éisteachta sa Stát, go gcuirfí le héagsúlacht chultúr agus oidhreacht na hÉireann, go ndéanfaí oidhreacht na hÉireann atá faoi bhagairt nó atá ag dul i léig a thaifeadadh agus go ndéanfaí craolachán áitiúil agus pobail a fhorbairt.

Eascraíonn cuspóirí na scéime ón Acht. Sainmhínítear an príomhchuspóir mar 'rochtain phoiblí ar chláir raidió agus teilifíse d'ardcháilíocht trí Bhéarla agus trí Ghaeilge, cláir a scrúdaíonn téamaí cultúir, oidhreachta agus taithí na hÉireann i gcomhthéacsanna comhaimseartha nó stairiúla ag an leibhéal náisiúnta, ag an leibhéal áitiúil agus ag leibhéal an phobail ' (lch. 4 den scéim). Áirítear ar na cuspóirí tábhachtacha eile sa bhreis ar na critéir théamúla thuas, éagsúlacht, luach ar airgead, comhpháirtíochtaí leis an tionscal, cur leis an lucht féachana/éisteachta agus leas náisiúnta, áitiúil nó pobail.

Deir an Coimisiún Eorpach agus iad ag ceadú na scéime gur chóir go mbeadh fócas ar leith ag an scéim ar chláir atá ar bhuiséad íseal, atá deacair le déanamh nó ar cláir Ghaeilge iad (nó dátheangach) a mhaoiniú. Is é aidhm na forála sin go mbeadh an scéim oiriúnach do rialacháin Chúnamh Stáit go háirithe agus cuirtear ar chumas na scéime cláir a mhaoiniú nach ndéanfaí murach í, de bharr a nádúr sonrach nó a n-easpa mealltachta ó thaobh trachtála.

2. Polasaí i ndáil le Scéimeanna Speisialta

Mar a léirítear sa réamhrá thuas, freastalaíonn leathanach 7 den scéim ar fhorbairt scéimeanna speisialta ach amháin nach mór do na cláir mhaoinithe teacht ó raon téamúil de chláir a leagtar síos san Acht.

Luann an Scéim ar leathanach 5 gurb é ról an CCÉ tosaíocht a thabhairt do na nithe seo a leanas:

a) struchtúir a bhunú a dhíreoidh ar phríomhchuspóirí na scéime agus dáileadh éifeachtach an mhaoinithe a chinntiú.

b) naisc láidre a thógáil agus meicníochtaí a bhunú ar mhaithe le hidirphlé leis an earnáil chraolacháin agus le gníomhaireachtaí eile na hearnála poiblí chun treochtaí ó thaobh craolacháin agus réimsí cláir iomchuí a thomhas.

c) solúbthacht a choimeád laistigh de struchtúr na scéime le riaradh agus bainistiú éifeachtúil na scéime a chinntiú chun freagairt go héifeachtúil do riachtanais na hearnála craolacháin agus lena chinntiú go mbainfear amach cuspóirí na scéime.

Cuideoidh an polasaí i ndáil le scéimeanna speisialta le péire de na róil sin a chomhlíonadh, is iad sin naisc a thógáil le craoltóirí agus le gníomhaireachtaí na hearnála poiblí mar aon le solúbthacht agus an cumas freagairt go héifeachtúil do riachtanais na hearnála craolacháin a choimeád. Tá an polasaí ag coinneáil le misean straitéiseach an Choimisiúin 'spreagadh a thabhairt d'fhorbairt tionscail chraolacháin dhúchasaigh den scoth a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla siamsaíochta, oideachais agus faisnéise mhuintir na hÉireann agus úsáid éifeachtach á baint as acmhainn náisiúnta'.

3. Cuspóirí an Pholasaí

Seo a leanas cuspóirí an pholasaí:

- cláir a sholáthar atá de réir na príomhscéime (i.e. cáilíocht, Gaeilge, breisíocht, éagsúlacht, oidhreacht agus craolachán áitiúil agus pobail, litearthacht d'aosigh, coincheap nua nó nuálach, leas áitiúil nó pobail, cúlra an phearsanra idir chruthaíoch agus theicniúil, comhpháirtíochtaí, luach ar airgead)

- naisc láidre a thógáil agus meicníochtaí a bhunú ar mhaithe le hidirphlé leis an earnáil chraolacháin agus le gníomhaireachtaí poiblí eile

- solúbthacht a choimeád laistigh de struchtúir na scéime chun freagairt go héifeachtach do riachtanais na hearnála craolacháin

- forbairt tionscail a chothú i gcompháirtíocht le geallsealbhóirí tionscail eile.

4. Forálacha polasaí maidir le scéimeanna speisialta

Is ionann na forálacha thíos agus na treoirlínte chun rochtain a fháil ar mhaoiniú faoi scéimeanna speisialta.

a) Úsáidfear na critéir a bhaineann le babhtaí maoinithe chun tionscnaimh oiriúnacha a roghnú, is iad sin cáilíocht, Gaeilge, breisíocht, éagsúlacht, oidhreacht, craolachán áitiúil agus pobail, litearthacht d'aosaigh, coincheapa nua nó nuálacha, leas náisiúnta, áitiúil nó pobail, cúlra an phearsanra idir chruthaíoch agus theicniúil, comhpháirtíochtaí, luach ar airgead.

b) Bíonn comhpháirtíochtaí i gcás scéimeanna speisialta sainmhínithe níos cúinge agus ní hionann agus babhtaí maoinithe rialta iad. Áirítear ar na príomhriachtanais go mbeadh comhpháirtí seirbhíse poiblí, eagraíocht neamhrialtais nó comhpháirtí príobháideach breise amháin ar a laghad ann a chuirfidh maoiniú agus saineolas ar fáil don tionscadal. D'fhéadfadh gur ón Stát nó ó thír AE eile an páirtí sin.

c) Difríocht eile maidir le babhtaí maoinithe rialta ná gur chóir féachaint ar thionscadal ar shlí iomlánaíoch: ó fhorbairt go léiriú. Ní é sin an cás leis na glaonna ar thograí a dhíríonn ar thionscnaimh a chuirtear ar aghaidh a bheidh réidh le dul i mbun léirithe.

d) Is gné riachtanach de roghnú é an fócas ar oiliúint agus ar fhorbairt, cé nach mbeidh *Fuaim & Fís* féin ag maoiniú na gcostas oiliúna agus forbartha féin. Mar shampla, beidh ar thograí tiomantas a thaispeáint go ndéanfar comhaltaí nua nó reatha den tionscal a oiliúnú nó a chomhairliú lasmuigh den tacaíocht a sholáthraíonn an Coimisiún Craolacháin cheana féin.

e) Ní bhíonn méideanna bliantúla don chineál sin tionscnaimh níos mó ná 5% den mhaoiniú bliantúil foriomlán agus meastar é sin a bheith ag thart ar €8.5M. Ciallaíonn sé sin gurb é an t-uasmhéid ná €420,000 in aghaidh na bliana do thionscnaimh den sórt sin. Cuirfear aon airgead nach gcaithfear ar ais sa chiste ar mhaithe le tionscnaimh chláir 'rialta'.

f) Beidh maoiniú do scéimeanna speisialta ar fáil do thionscnaimh raidió agus teilifíse.

g) Beidh na critéir chraolacháin inghlactha mar an chéile i gcónaí agus ní bheidh aon solúbthacht ann sna réimsí a bhaineann le hábharthacht téamaí, craoltóirí incháilithe, riachtanais buaic-ama, etc.

h) Oibreoidh foireann *Fuaim & Fís* an measúnú lena chinntiú go gcloífear leis na riachtanais ghinearálta (e.g. craolachán buaic-ama) mar aon le cinn níos sonraithe (e.g. comhpháirtíochtaí le comhlachtaí maoinithe).

i) Cuirfear leithdháileadh an mhaoinithe do scéimeanna speisialta faoi bhráid Bhord an Choimisiúin chun ceadú a fháil.

5. Nós Imeachta

a) Lorgóidh *Fuaim & Fís* comhpháirtíochtaí oiriúnacha ó am go ham do thograí faoi fhorálacha na scéime speisialta. Fógrófar na glaonna sin ar thograí trí láithreán gréasáin an Choimisiúin.

b) Glacfaidh *Fuaim & Fís* le tograí freisin ar mhaoiniú trí fhorálacha na scéime speisialta ó chomhlachtaí tionscail, ó ghníomhaireachtaí poiblí nó neamhrialtasacha nó ó chomhpháirtithe príobháideacha. Déanfaidh foireann *Fuaim & Fís* na tograí sin a mheas ansin i gcoinne chuspóirí polasaí agus eiseofar moladh do Bhord an Choimisiúin ina thaobh sin.